

Aonad 6 – Ceacht 5



Ráiteas Bainc Ráiteas Idirghníomhach



Samhlaigh go bhfuil tú 18 mbliana d'aois agus go bhfuil cárta dochair agat. Tosaíonn tú ag tús na míosa le €25 i do chuntas. Beidh ort roghanna éagsúla a dhéanamh i rith na míosa.

Rogha 1:

Is breá leat scannáin agus tá scannán nua díreach eisithe ar DVD. Tá tú ag fanacht ar an scannán seo le fada agus tá tú ar bís go bhfuil an nóiméad seo tagtha. Ach tuigeann tú go bhfuil sé costasach agus nach bhfuil ach €25 agat don mhí ar fad. Mar sin, caithfidh tú cinneadh a dhéanamh. Cad a dhéanann tú:

- Ceannaigh an DVD i siopa áitiúil ar chostas €16.99
- Íoslódáil é ar chostas €8.00
- Ceannaigh é ar líne ar ráta lascaire €6.00

Rogha 2:

Do bhreithlá atá ann agus tugann do sheanmháthair €20 duit, tugann do dheartháir €50 duit agus buann tú €25 Euro ar scríobchárta a cheannaigh d'aintin duit. Lóisteálann tú an t-airgead go léir sa bhanc ach dar leat go bhfuil rud éigin deas tuillte agat. Cad a dhéanann tú:

- Téigh chuig an ngrugaire agus caith €50
- Téigh amach agus ceannaigh lón le do chairde ar chostas €35
- Ceannaigh an cluiche ríomhaire is déanaí ar chostas €25

Rogha 3:

Tá grúpa cairde leat ag dul go dtí ceolchoirm. Cheap tú go mbeadh ort dul ag obair an oíche sin ach toisc go mbeidh an siopa dúnta, beidh tú saor. Tá cara leat tar éis a intinn a athrú agus níl sé ag iarraidh dul. Cad a dhéanann tú:

- Ceannaigh an ticéad uaidh ar phraghas iomlán €30
- Ceannaigh an ticéad ó do chara ar leathphraghas €15
- Ná téigh go dtí an cheolchoirm in aon chor.

Caith súil siar ar na roghanna a rinne tú. Cruthaigh ráiteas bainc ar an mbileog thíos a thógann na rudaí seo san áireamh:

- Iarmhéid tosaigh
- Aistarraingtí
- Lóisteálacha
- Iarmhéid deiridh

Glac grianghraf den obair seo ionas gur féidir athbhreithniú a dhéanamh air amach anseo.



